C/2025/1466

25.2.2025

Fógra le haghaidh ‘EADaily / Eurasia Daily’, ‘Fondsk’, ‘Lenta’, ‘NewsFront’, ‘RuBaltic’, ‘SouthFront’, ‘Strategic Culture Foundation’ agus ‘Krasnaya Zvezda / Tvzvezda’ maidir lena n-áireamh i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

(C/2025/1466)

Chuimsigh an Chomhairle na heintitis thuasluaite in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle [1], arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/394 ón gComhairle [2] agus in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle [3], arna leasú le Rialachán (AE) 2025/395 ón gComhairle [4] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine d’fhonn na bearta sin a chur i bhfeidhm ón 8 Aibreán 2025 faoi réir cinneadh ón gComhairle tar éis di scrúdú a dhéanamh ar na fíricí ábhartha.

Leis seo, cuirtear in iúl do na heintitis lena mbaineann go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a bhaineann lena n-áireamh a fháil chuig an seoladh seo a leanas, roimh an 6 Márta 2025:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu.

---

[1] IO L 229, 31.7.2014, lch. 13.
[2] IO L, 2025/394, 25.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/394/oj.
[3] IO L 229, 31.7.2014, lch. 1.
[4] IO L, 2025/395, 25.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/395/oj.